

Peil Sinsir i gClub Mícheál Breathnach

Seosamh Ó Conaire

A leithéid de bhliain! Agus mé á scríobh seo, tá muid fós ag fanacht ar chluiche a imirt i gcoinne Sheamróga Chortúin, i gCraobh Peile Sinsir na Gaillimhe. Tá a fhios ag madraí an bhaile céard is cúis leis an moill agus mura bhfuil, cuireadh siad ceist ar éinne a bhfuil suim acu sa bpeil agus míneoidh siad dóibh é. Mar phainéal imreoirí, tá muid ag traenáil mar is gnáth agus fócas iomlán againn ar an gcéad chluiche eile.

Tá a fhios ag madraí an bhaile freisin nach bhfuil muid ag imirt go maith i Sraith na bliana seo! Tá muid gan bua fós ach, leis an bhfírinne a insint, níl aon imní orainn. An rud is measa ná go bhfuil muid ag loic orthu siúd a bhíonn ag chuile chluiche i rith na bliana, iad siúd a leanann muid ó Pháirc an Mháimín soir go Bearna Dearg. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leo ar fad thar ceann na n-imreoirí agus na bainistíochta as a dtacaíocht dúinn agus tá súil agam go mbeidh muid le chéile théis an ceann is fearr a fháil ar na Seamróga i bPáirc an Phiarsaigh go luath!

Tháinig cúpla oifigeach nua ar an bhfoireann bainistíochta i mbliana. I dteannta Thadhg Mór Ó Curraoin agus Phaddy Beag Ó Gríofa anois, tá Kevin Johnson agus Declan Chóil Ruaidí Ó Tuairisg. Tá Beartla an Chéidigh ag tabhairt láimh chúnta dúinn agus tá Tomás Ó Raighne mar fhisiteiripeach ag an gclub.

Bíonn go leor imeachtaí ar siúl nach mbíonn daoine ar an eolas fúthu, mar shampla, deireadh seachtaine a chaith an fhoireann le chéile i gCathair na Mart. Cé a chreidfeadh gur dhreap muid Cruach Phádhraic ag a hocht a chlog maidin Domhnaigh amháin! Ní raibh sé éasca! An lá roimhe sin, bhí cluiche eagraithe againn i

gcoinne Bhaile Átha an Tobair, seampíní sinsir Mhaigh Eo. Is léir go bhfuil go leor eagrú ag baint le bainistíocht foirne agus ba mhaith linn “Go raibh maith agaibh” a rá leis an bhfoireann bainistíochta ar fad.

Bíonn traenáil dhian againn ar an Máirt agus ar an Aoine agus bíonn cluiche nó traenáil againn ar an Domhnach. Roimh na cluichí Craoibhe i mbliana, bhuail muid le chéile in Áth Luain i rith na seachtaine go minic, le seisiúin traenála a bheith againn mar go bhfuil cónaí ar suas le deichniúr den fhoireann i mBaile Átha Cliath. Ceist a chuirtear orm go minic ná céard a dhéanann leids Bhaile Átha Cliath nuair atá na leids thiar ag traenáil sa mbaile? Bíonn muide ag traenáil le chéile i mBaile Átha Cliath freisin ach go mbíonn leids ó cheann ceann na tíre in éineacht linn in aice Pháirc an Fhionnuisce. ‘Traenáil gan Taisteal’ is ainm dó seo agus is áis iontach traenála é d’imreoirí as baile i rith na seachtaine. Abhaile ansin ar an Aoine le seisiún traenála a bheith againn leis an gclub sa mbaile.

Tá an t-ádh liom go pearsanta go bhfuil mé buan sa phost atá agam. Tuigim seo nuair a fheicim cairde liom ag dul ar imirce chuile bhliain. Tá seans ann nach dtiocfaidh cuid acu ar ais. Cén fáth a dtiocfadh agus cúrsaí fostaíochta

sa tír mar atá? Airíonn muid uainn sibh, a leids, pé áit sa domhan a bhfuil sibh anois, agus tá súil agam nach fada go mbeidh sibh ar ais ag imirt linn arís.¹ Bhí go leor acu seo linn ar an bpainéal Sinsir agus is faoi na leids óga anois a mbrógas an a líonadh. Níl aon dabht ach go bhfuil siad ann, abróidh mé Fionntán Ó Curraoin agus Peadar Óg Ó Gríofa atá ar phainéal Sinsir na Gaillimhe. Tugadh Seán Denvir isteach ar an bpainéal freisin le gairid. Tá todhchaí shuimiúil amach romhainn!

Mar sin, cé nach bhfuil muid ag déanamh go maith sa tSraith, tá an Chraobh amach romhainn agus ní bheadh a fhios agat céard a tharlódh! Feicfidh muid linn!

Maidin amárach, tá muid ag dul ar aistear ar na rothair ó Choláiste Lurgan. Ní fios cá gcríochnóidh muid! Láidreoidh sé na cosa, tá súil agam, ach (níos tábhachtaí fós) láidreoidh sé an nasc idir na himreoirí.

“Buafaidh muid nó caillfidh muid le chéile mar phainéal.”

Sin é ár mana mar fhoireann.

¹ Cuid de na himreoirí a d’imir le Cumann Mícheál Breathnach ach atá anois thar sáile: Aodán Ó Finneagáin, Liam Willie Ó Fatharta, David Willie Ó Fatharta, Cathal Ó Conghaile, Caoimhín Ó Coisdealbha, Ciarán Ó Cadhain, Dónall Ó Héalaí.